# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

**Eagrán 004** **Deireadh Fómhair 2021**




Cuireann muid fáilte mhór roimh scaifte scolairí anseo go Gaoth Dobhair atá ar seimeastair Gaeltachta á reachtáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá roinnt imeachtaí déanta acu cheana féin. Turas amach go Gabhla, ag siúl ar an tra, seoltóireacht, tonnmharcaíocht srl ina measc. Amharcann sé go bhfuil siad ag baint mhór as a dtaithí go dtí seo agus tá súil againn go leanfaidh sin ar aghaidh. **Is aoibhinn beatha an scoláire!**



## Seanfhocal

Beatha teanga
í a labhairt

**Ba mhaith linn tabhairt le fios go bhfuil roinnt acmhainní curtha le chéile againn a rachadh chun sochair do theaghlaigh agus do ranganna Gaeilge. Scaipigí an scéal le bhur dtoil go bhfuil an tacaíocht ar fail uainne do fhoghlaimeoirí. Bí i dteagmháil linn sa Chrannóg nó buail isteach. Fáilte romhaibh uilig!**

Comhghairdeas le Noel Ó Gallachóir a bhain gradam náisiúnta (Gradam Uí Shuilleabháin) ar na mallaibh do Leabhar Gaeilge na Bliana ó Oireachtas na Gaeilge ar shon a shaothar stair Aisteoirí Ghaoth Dobhair. Nasc thíos d'agallamh leis ar RTÉ RnaG le gairid.

[Tús Áite: Buaiteoirí Leabhair Ghaeilge an Oireachtais | Tús Áite - RTÉ Raidió na Gaeltachta (rte.ie)]







**Ranganna ó 20ú Meán Fómhair 2021 sa Chrannóg.**
*Classes from 20th Sept. in An Chrannóg .*

| | | Aois | Am |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | Amhránaíocht | 6+ | 6in |
| | Giotár | 10+ | 6in |
| | Cláirseach | 10+ | 5in |
| Dé Máirt | Damhsa le Caitlín Nic Gabhann | 6+ | 6in |
| Dé Céadaoin | Consairtín | 8+ | 6in |
| | Fidil | 8+ | 6in |
| | Maindilín/Bainseó | 8+ | 6in |
| | Bosca Ceoil | 8+ | 6in |
| Déardaoin | Scéalaíocht | 6+ | 5in |
| | Feadóg Stáin | 6+ | 6in |
| | Fliúit | 10+ | 6in |
| | Píb Uilleann | 10+ | 6in |
| Dé hAoine | Drámaíocht | 6+ | 3.30 -5in |


Tuilleadh eolais ó /*More information from*
scoilnacrannoige@gmail.com

Do pháistí atá ag toiseacht uirlis ceoil is fearr toiseacht leis an fheadóg stáin.
*If just starting a musical instrument it is best to start with the tin whistle.*
Thig clárú & íoc ar líne/ *Register & pay online.*
https://cfgd.wufoo.com/forms/clara-1a-taarma-scoil-na-crannaige-an-20921/

ealaín


An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

# Rann na Feirste




# Dobhair



# Gradam Gnó na hÉireann

Tá scéim nua seolta ag Glór na nGael i gcomhar le Údaras na Gaeltachta agus na hOifigí Pleanála Teanga.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do gnóanna atá ag baint úsáid as an Ghaeilge go laethúil i gcomharthaíocht, in margaíocht nó le seirbhisí tríd an Scéim Gradam Gnó na hÉireann 2021.

Is féidir clárú don scéim trí dul i dteagmháil linne san Oifig Pleanála Teanga i nGaoth Dobhair nó le Glór na nGael iad féin.




Bhí Míde Ní Bhaoill chomh maith le damhsóir eile as Dún na nGall darbh ainm Megan Walsh le feiceáil le gairid ar stampa úr náisiúnta de chuid An Post le ceiliúradh a dhéanamh ar 150 bliain don Amharclann Gaeity i mBaile Átha Cliath. Maith thú Míde!



**Logainmneacha an Cheantair**

Tá sraith nua tosaithe againn faoi chúrsaí logainmneacha.

Ba mhaith linn daoine áitiúil a fháil le cur síos a dhéanamh ar an logainm is fearr leo.

Má tá suim agaibh ann seo, faigh i dteagmháil le John Ó Fearraigh ar mpt2.iarthuaiscirt@gmail.com nó ar Whats App @ 0876943804.

Seo nasc do na taifid uilig a rinneadh go dtí seo:

Pádraig Mac Giolla Easbuic by Pleanáil Teanga an Iarthuaiscirt (anchor.fm)

## Cur aithne ar Gary



**Ainm**: Gary Mac Phaidín

**Post**: Múinteoir Corp-Oideachas + Bitheolaíocht

**Caitheamh Aimseartha**: Peil Gaelach, Sacar agus Dornálaíocht.

**Ceol:** Is maith liom ceol ó na 80idí cosúil le Fleetwood Mac agus amhrán ar bith ó Christy Moore ach má tá orm ceann amháin a phiocadh caithfidh mé "Ordinary Man" nó "Joxer Goes To Stuttgart" a rá.

**Bia:** D'íosfainn achan rud le bheith ionraice ach tá sé deacair dinnéar domhnaigh a bhuaileadh amach nó "chinese takeaway" ag an deireadh seachtaine.

**Deoch:** Guinness

**Scannán:** Nuair a bhí mé óg bhí suim mór agam sna scannáin Rocky. Chonaic mé achan scannán Rocky thart ar fiche am mar sin caithfidh mé na scannáin Rocky a rá.

**Leabhair:** The Pressure Principle - Dr Dave Alred

**Gléas:** Ríomhaire. Tá sé de dhíth orm achan lá ar scoil agus an fón póca fosta. Caithim cuid mhór ama ag dul fríd na meáin shóisialta.

**Meáin shóisialta:** Bíonn mé ar Twitter agus Instagram don chuid is mó den am.

**Laoch:** Leanaim Liverpool sa tsacar mar gheall ar sin caithfidh mé a rá gur Steven Gerrard mo laoch go háirithe nuair a bhí me óg.

**Oíche amuigh:** Caithfidh mé Teach Mhicí a rá. Is é sin an ait a mbíonn muid ina dhiaidh cluichí go háirithe nuair a bhaineann muid craobh ar bith leis an chlub. Bhí cúpla oíche den scoith againn ansin le cúpla bliain anuas.

**Cuireadh chuig cóisir:** 1. Christy Moore fá choinne na 'tunes' ag deireadh na hoíche 2. Tommy Tiernan fá choinne an craic agus 3. Cúpla leaid siosmaideach ó foireann peile Ghaoth Dobhair.

**Laethanta saoire:** Londain nó Liverpool fá choinne cúpla lá.

**Seanfhocal:** Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

**Mana saoil**: Déan dearmad ar na rudaí nach bhfuil smacht nó cumhacht agat ar agus cuir fócas ar na rudaí atá tú ábalta smacht a choinneáil ar. Coinnigh do theach féin in ord.

**Irish Language Classes**

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook.

## Apps Gaeilge

Four Popular Irish Language Learning Apps

1. Cúla 4 2. Nemo

3. Duolingo 4. Enjoy Irish


Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,

An Crannóg,

Srath na Corcra,

Doirí Beaga,

Leitir Ceanainn,

Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101

mpt.iarthuaiscirirt@gmail.com

www.mptiarthuaiscirt.ie


## Labhair í agus mairfidh sí!